

# ***Maitias Ó Conmhaí, Teangeolaí: 1766-42***

Páipéar a léadh i dTionól Scoil an Léinn Cheiltigh, 22 Samhain, 2002

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

**David Barnwell**

ITÉ/The Linguistics Institute of Ireland

[dbarnwell@ite.ie](mailto:dbarnwell@ite.ie)

*Sa pháipéar seo tugaim cur síos réasúnta gearr ar bheatha Mhaitias Uí Chonmhaí (Matthias O’Conway), déanaim iarracht eolas bunúsach a chur ar fáil daoibh maidir lena shaothar, agus tugaim stracfhéachaint ar fhadhbanna áirithe a bhaineann leis na foinsí atá ar fáil chun breis staidéir a dhéanamh ar an nGael uasal seo atá anois ligthe i ndearmad ina thír féin.*

Rugadh Matthias James O’Conway <sup>(1)</sup> i nGaillimh sa bhliain 1766. Cainteoir dúchais Gaeilge ab ea é, agus níor fhoghlaim sé Béarla go dtí go raibh se ocht mbliana d’aois. De réir dealraimh bhí a mhuintir go maith as, agus fuair sé oideachas maith. Chuaigh se ar scoil leis na hAgaistínigh sa chathair—ligfimís dó féin cur síos a thabhairt ar a óige:

**“He is a native of Galway, one of the most ancient, romantic, fashionable and spirited towns in Ireland. He knew not a word of English till his eighth year—having remained with his grandsires in the country, whence he was brought to town, placed in the best schools, learned English, some Latin, Greek, French, dancing and the use of the sword.”** <sup>(2)</sup>

De réir O Conway fein, spreagadh a shuim sna teangacha agus sa taighde nuair a ráinig grúpa Iúdach go Gaillimh thart ar 1780. Teifigh o Léigear Gibraltar ab ea iad. De réir searchas a mhuintir fein, ceapadh duine amhain des na Giúdaigh seo mar mhúinteoir phríobháideach d’O’Conway, agus mhúin an fear seo gnéithe den Eabhráis agus den Spáinnis dó.

In aois a 16 dó, chuaigh O’Conway mar phrintíseach le fear dlí darb ainm O’Brian. Deir O’Conway gur thug siad beirt turas ar chathair Bhaile Átha Cliath, áit a tharla caismirt sa tsráid a chuir iachall ar an mbeirt acu teitheadh ón dtír. Nil aon sonraí againn ar an “imprudent act” seo, i bhfoclaibh O’Conway, ach tá gach cuma ar an scéal go raibh baint éigin aige leis an teannas polaitiúil a bhi ag dul i ngéire sa tréimhse seo, tréimhse na Volunteers agus Parlaimint Grattan.

An chéad cheann scríbe a bhain O’Conway amach ná oileán Grenada sa Mhúir Chairib, ach níor se fhan sé ann ró-fhada, roinnt míonna ar a mhéad. Bhí fuath

ag O'Conway do Shasana i rith a shaoil, agus deir sé gurab é an fáth nar thaitn Grenada leis ná go raibh "the Brutish British" taréis seilbh a ghlacach ar an oileán, a bhí go dtí sin ina oileán Francach. Pé scéal é, i mí Aibreán 1784 feicimid i bhFiladelfia é, áit a thainig sé ar obair mar sclábhai ar láthair tógála.

Fuair se deis liostáil mar bhall de mhilíste stáit Phennsylvania, agus níorbh fhada go ndearnadh sáirsint de. Thainig borradh ar a shuim sna teangacha le linn dó a bheith san arm, mar go ndearna se a sheirbhís mhíleata i dtuaisceart an stáit, áit a raibh se i dteaghmháil leis na treabhanna dúchasacha Seneca a bhí fós go láidir in oirthuaisceart Mhericeá san ochtú haois déag. Mar a deir O'Conway "**I dressed in their fashion and learned to chatter three of their languages.**"

I ndiaidh dó an t-arm a fhagáil, d'fhan O'Conway ina chónaí i dtailte na nIndiach. D'fhilleadh sé o am go ham go dtí na bailte Meiriceánacha, áit a cheannaíodh sé earraí le díol leis na hIndiaigh. Slí bheatha dian go leor a bhí ann, gan amhras. Blianta i ndiaidh an tréimhse seo dá shaol, nuair a bhí compánach leis ó na laethe sin ag fáil bháis i bhFiladelfia--John Ridgway, Quaker as Mountmellick i gCo Laois-chuimnígh O'Conway ar conas mar a chaitheadh siad a gcuid ama sa fásach:

**"He (Ridgway) and I past some Months together in the Indian-Country North and West of the Ohio, in the years 1785 and 1786. We passed thro' much hardship together in the Desert, and amongst the settlements. We were twice wrecked, and our goods much injured, a part lost. This happened in the severity of winter. We afterwards packed horses together over hills & dales covered with snow, crossing Creeks and Rivers thro' cakes of ice, sometimes missing the fording place, at others in danger of being borne away by the Flood. In the course of our wayfaring we more frequently reposed in the deep snows than on the tufted grass or fallen leaves. Our vigilance was often exercised by the rapacious wolves prowling with hollow howlings thro' the woods..."** <sup>(3)</sup>

I 1787 chuir Matthias aithne ar chailín darb ainm Rebecca Archer as Pennsylvania. Mar aduit sé fein: "**I returned to the American settlement to purchase goods to carry back to the Indian forests; but in lieu of merchandise I found a spouse**". De bharr dualgaisí nua fhir phósta, bheartaigh O'Conway ar bheatha na foraoise a thréigean. Chuaigh sé fein agus a bhean chéile go Pittsburgh, in iarthaí stáit Phennsylvania. Fuair se obair mar mháistir scoile, agus rugadh iníon darab ainm Cecilia don Ianúin i mí Nollaig 1787. <sup>(4)</sup>

Bliain ina dhiaidh sin d'fhág O'Conway baile Phittsburgh. Cheannaigh sé canú beag agus thaisteal sé ó dheas lena bhean chéile agus Cecilia bheag. Leanadar na haibhneacha Ohio agus Mississippi, aistear 2000 kiloméadar ar a laghad, go dtí gur bhain siad amach cathair New Orleans. Ni foláir ná gur ghaisge mór an turas seo. Bhi cuid mhaith den tslí contúirteach go leor mar go raibh treabhanna Indiaigh ar bhruacha an Ohio a bhí fós i gcoimhlint leis na daoine geala. (Is díol spéise go ndearna Lord Edward Fitzgerald an turas céanna, sé mhí nios déanaí). De réir O'Conway fein b'í priomh-fháth an chinneadh a ghlac sé ná nach raibh se sásta bheith ina chónai in áit—iarthar Phennsylvania-- nach raibh rian dá laghad den Eaglais Caitiliceach ann. Ni raibh ach triúr no ceathrar sagart sa stát uile, agus iad go léir in oirtheard an stáit. Dá bhrí sin theastaigh uaidh cur faoi i suíomh ina mbeadh an Caitliceachas go láidir, agus ní dócha go raibh cathair níos caitiliceachaí taobh thuaidh de Mheicsiceo ag an am sin ná New Orleans Louisiana. <sup>(5)</sup>

Arís chuaigh O'Conway le máistreacht scoile i New Orleans. Tá coda áirithe de dhialann a scríobh sé le linn dó a bheith sa chathair sin ann fós, agus cuireann siad gach dealramh ar an scéal go raibh saol compordach go leor aige. Bíonn sé ag cur síos ar bhia agus deoch a cheannach, táillí a fháil óna chuid mac léinn, cuairteanna a thugadh se ar a chairde. Ba chóir a rá go raibh New Orleans sa tréimhse seo ina chuid d'Impireacht na Spáinne, mar chuid den Louisiana Territory. Ba cathair tri-theangach í, Fraincis, Spáinn agus Béarla, agus ní foláir ná gur oir sé seo go breá do O'Conway. Fiú amháin arís chuaigh se isteach mar bhall den mhilíste, los SanJuanistas, a raibh de dhualgas orthu an chathair a chosaint ar son na Spáinne.

Cheapfá go mbeadh O'Conway sásta lena shaol sa chathair Chaitiliceach ilchultúrtha seo, ach mar a tharla cheana ni raibh sé in ann fréamhacha a chur síos. Tar éis thart ar chuig bhliain a chaitheamh i New Orleans bheartaigh sé ar imeacht leis go oiléán Cuba lena chlann. Bhí post ar fáil dó ansin i Státseirbhís na Spáinne. Dar ndóigh, ni athrú millteanach mór é ar chaoi amháin, ní raibh i gceist ach imeacht ó chathair amháin de chuid chóilínéacht na Spáinne go cathair eile. Ceapaim féin go raibh se de chuispóir ag O'Conway graiméar Bearla a fhoilsíú do lucht na Spáinnise i La Habana, mar ta roinnt mhaith leathnach ar an ábhar sin i measc a chuid páipéar, ach chomh fada agus is eol dom níor fhoilsigh sé é. Ach tá cupla scríbhinní suimiúla fágtha ag O'Conway i dtaobh a thréimhse i gCuba. Mar shampla bhí se i láthair ag "sochraíd" Chriostóir Colóim i 1796, nuair a adhlacadh bosca no córra beag a raibh iarsmaí choirp fir ann, in ArdEaglais La

Habana. D'fhág sé cur síos fada ar an ocáid, agus déarfainn féin go raibh se ina bhall den gharda onóra ar an lá sin.

Uair amháin eile nuair a cheapaimid go bhfuil O'Conway ag sochrú síos in áit cinnean sé imeacht as. Fuair iníon le Matthias, María de los Dolores, bás i gCuba i Deireadh Fomhair 1796, agus go gearr ina dhaidh sin d'fhill O'Conway agus a chlann ar SAM, ait ar fhan sé an chuid eile dá shaol.

Chuaigh O'Conway ag obair arís mar mhúinteoir teangacha agus mar theangaire i bhFiladelfia. Ta an chuma air gur éirigh go geal leis ar feadh na blianta. Feicimid é i gcomthéacsanna éagsúla, ag baiste a bpáisti, ina fhinné uachta, mar dhuine mór le ra i measc thuataí na hEaglaise Caitilicigh sa cheantar. Ainmíodh O'Conway mar State Interpreter do Phennsylvania i 1802. Taréis bua Thomas Jefferson i dtoghchán na hUachtarántachta i 1800, bhí na hEireannaigh in uachtar ar feadh tréimhse i bhFiladelfia, ina measc cuid mhaith teifeach ó Éirí Amach 1798. Go deimhin, ní raibh aon bhaint direach ag O'Conway leis an Éirí Amach—bhí sé i bhFiladelfia ag an am--ach nil aon amhras faoina dhearcadh pholaitiul. Mar adúirt sé: **I am a Catholic and a Republican.** Is suimiúl an meascadh seo, Caitiliceach coimeádach ina chreideamh, Poblachtánach radacach ina pholataíocht. Ní go minic a fheicfeá an meascadh sin ag túis an naoú haois déag.

B'é seo an tréimhse ba mhó thairge intleachtúil i saol O'Conway. D'fhoilsigh se trí leabhar in achar gearr idir 1809 agus 1810; dhá cheann do lucht foghlamtha na Spáinnise, agus aistriúchán go Béarla de dhráma Fraincise faoi Ridirí an Teampaill.<sup>(6)</sup> Níl an t-am agam anois chun ainilis a dhéanamh ar na leabhair seo, ach ní mór a rá gurab iad leabhair Spáinnise O'Conway na céad téacsleabhair Spáinnise a fhoilsíodh riamh sna Stáit Aontaithe. Seo cárta gnó on tréimhse seo atá fós le feiceáil i measc a phaipéar:

**"Orders left at this office for translations to or from English, French, Spanish, Latin, Italian, or Portuguese punctually attended to. Also lessons in the first Four Languages given separately or in class, by M.J. O'Conway, Commiss'd Interpreter and Linguist, No 108 Union Street".**

Is anois a fheicimid don chéad uair fianaise ar na fadhbanna airgid a ghoill ar O'Conway ar feadh cuid mhaith dá shaol. De réir dealraimh ba phriomh-chúis dóibh an titim san eacnamaiocht Mheiriceánach a tharla mar thoradh ar an gCogadh 1812 i gcoinne na Breataine. Nior cuireadh deireadh leis an gcogadh seo

go dtí 1815, agus chuaigh sé go dona do Mheiriceá, cuimhnigh ar an sli ar dhóigh na Breatainigh cathair Washington i 1814. Tá a lán tagairtí i measc paipéirí O'Conway d'airgead a fháil ar iasachta, táillí agus fiacha nar íoc sé, trémshi fada nuair a bhí sé as obair, pleannanna agus seifteanna a bhí sé i gconai ag cruthú chun a chursaí a fheabhsú.

Cé gur tháinig feabhas ó am go ham ar staid eacnamaíochta O'Conway, sé firinne an cháis ná gur chaith an tEireannach 30 bhlian dá shaol i ngleic leis an mbochtanas. Chuirfeadh se brón ort a chuid litreacha a léamh, tá sé ar nós Mr Micawber i Charles Dickens, a bhíodh i gconai ag suil "*something will turn up*". I gcás O'Conwayí *nothing turned up*. Faraoir chomh maith go raibh droch-thionchur ag an mbochtanas ar thairgeadh agus obair O'Conway. Ta sé thar a bheith ait gur fhoilsigh se 3 leabhar i dtréimhse dhá bhliana, agus nár fhoilsigh se tada ina dhiaidh sin. Ós rud é go bhfuil se soiléir óna chuid pháipeiri nár thainig aon mheath ar a chruthaíocht nó ar a fhuinneamh intleachtuil, caithfear glacadh leis gurab é an bochtanas ba chúis leis an stad tobann a tharla ina chuid foilsíúchán.

Ní raibh O'Conway sa Spáinn riamh, ach bhí nascanna láidre aige leis an domhan Easpáineach i gcoitinne. Throid beirt mhac leis i gcogadh na saorise sa Cholóim, agus basaíodh duine acu. Bhí O'Conway féin i gcónaí ag smaoineamh ar feabhas a chur ar a chuid cúrsaí eacnamaíochta trí dul ar imirce go dtí thír Easpáineach. Mar shampla ba chara leis an Ginearál Humbert, fear 1798, agus ag tréimhse amháin bhí pleannanna acu beirt lonnú i Meicsiceo. Níor tháinig tada as. Ina theannta sin bhí dóchas aige jab éigin a fháil o Rialtas Mheiricea nuair a thainig an stát nua leath-Easpáineach Florida isteach san Aontas i 1821. Fiú amháin glaodh chun agallaimh é go Washington DC, ach arís níor tháinig faic as.

Ainneoin a bhochtanais, is cinnte go raibh ard-mheas ar O'Conway i measc mhuintir Filadelfia. Blianta i ndiaidh a bháis, scriobh sagart darab ainm an tAthair Butler faoi

**"the venerable Matthias O'Conway—whom in my childhood I have so often looked upon with love and reverence for his dignified manners, his patriarchal look, his learning and his piety. I assure you that none of the aged men whom I had been accustomed to see in my early days have made so cherished and ineffaceable an impression on my mind".**

Taobh amuigh de na trí leabhar a d'fhoilsigh sé, rinne O'Conway a lán taighde ar theangeolaiocht agus ar fhoclóiríocht. Bhí trí thionscnamh idir lámha aige ar feadh na mblianta. Ceann amháin díobh seo ná staidéar ilteangach a chuirfeadh an Ghaeilge ina suíomh cuí i measc teangacha na hEorpa, an dá cheann eile ná foclóir Béarla-Gaeilge agus foclóir Béarla-Spáinnis a chur le chéile. Tá carn mór dá

chaipéisí sa chartlann i Leabharlann Naisiunta Bhaile Atha Cliath, ach go dtí seo níl aon staidéar ceart déanta orthu go bhfios dom. Caithfidh mé a rá nach bhfuil staid ro-shásúil ar na páipeirí seo. Ta siad plódaithe i mboscaí—cúig chinn déag acu—gan córas tagartha ar bith. Níl aon dátaí orthu—nuair a bhíonn tú ag obair le leathnach ní bhíonn fhios agat ar scríobh O'Conway i 1790 é nó am ar bith as sin amach go 1840. Fiú amháin níl pictiúr cruinn againn ar stair na bpáipéar seo, sé sin le rá cad a tharla dóibh sna 160 bliain ó bhás O'Conway. I ndiaidh bháis O'Conway choimeád a iníon Isabel agus a mhac Ignatius seilbh ar a chaipéisí ar feadh i bhfad, ach ag deireadh an naoú haois déag tugadh don American Catholic Historical Society i bhFiladelfia iad. D'fhan siad ansin ar feadh tamaill fhada eile. Tugadh a lán de chapéisí O'Conway don Leabharlann Naisiunta anseo i mBaile Atha Cliath am éigin thart ar 1970, ach ta faitíos orm gur cailleadh cuid mhaith eile díobh, mar níl an focloir Béarla-Gaeilge ina measc. De réir an Bráthair Christopher Quinn, ollamh in Iona College i Nua-Eabhrac, cailleadh cuid mhaith de lamhscribhinn an fhoclóra a bhí i seilbh sagairt darab ainm an tAthair Seán Mac Suibhne i Washington DC nuair a chaith duine éigin na páipéirí amach de thimpiste. Deir an Bráthair Quinn gur tugadh an leath eile den bhfoclóir don Dr Tomás de Bhaldraithe ach má's ea níl mé in ann teacht ar na páipéirí seo. Pé scéal é, tá a lán de *slips* nó duilleoginí Ghaeilge bailithe sna chomhadanna O'Conway sa Leabharlann Náisiúnta, ach ní ghlacfainnse leis gurab iad siúd an foclóir Gaeilge. Tá roinnt mhaith slips de chuid O'Conway im' sheilbh fein. Baineann siad leis an Spáinnis go mór mór, nótai d'fhoclóir Spáinnise atá iontu. Tá siad go han-láidir i réimsi áirithe—an luibheolas, cúrsaí leighis agus cúrsai gnó, maraon le foclóir na mara agus an longseoireacht.

Fuair Matthias O'Conway bás ar an 28ú de Mhí na Samhna 1842 agus tá sé curtha i Seipéal Naomh Eoin Soiscéalaí i bhFiladelfia. Tá dearmad cuimsitheach déanta ar an bhfeir seo anois sa dá thír a raibh baint aige leo, Eire agus SAM. De bharr go bhfuil sé as ár gcuimhne le fada, tá mé den bharúil go bhfuil se i bhfad ro-luath breithiúnas dearfa a dhéanamh ar a chuid oibre. An rud atá de dhíth anois na breis staidéir ar a shaol agus ar a shaothar. Ach go sealadach silim gur feidir trí rud a rá:

*A haon: Ina chuid smaointí agus ina chur chuige teangeolaíochta, is figiúr den ochtú aois déag é Matthias O'Conway. Baineann se le Charles Vallancey mar shampla, ni le teangeolaithe a tháinig níos deanaí sa chéad.. Ghlac sé le tuairim Vallancey faoin nasc idir an Ghaeilge agus an Féiníceach (Phoenician) mar shampla.*

A dó: *B'fhairsing agus ba chuimsitheach a obair foclóireachta sa Ghaeilge agus sna nuatheangacha agus fiú amhain i dteangacha eile, ach arís caithfear breis staidéir a dheanamh ar na cáipéisí chun a gcuid tabhacht a mheas. Ceist lárnach ná cé mhéad den obair foclóireachta seo atá nuálach, cé mhéad de a fuair sé ar iasacht ó fhoinsí eile. Té sé so-fheicthe gur bhain sé usaid as Fhoclóir Bishop O'Brien (1768) cé go bhfuil sé soiléir chomh maith go bhfuil a lán ábhar ag O'Conway nach bhfuil i bhfocloir Uí Bhriain. Ní foláir ná go bhfeadfaí an rud céanna a rá faoin Spáinnis, sé sin go bhfuil ábhar ag O'Conway a thainig o fhoinsí eile, cé go bhfuil a lán a chum sé féin féin ann chomh maith.*

*Faoi triú phointe níl aon amhras: Scríobh Matthias O'Conway na céad téacsleabhair le haghaidh múineadh/foghlaim na Spáinnise dar fhoilsíodh riamh sna SAM. Nuair a ghlacann tú san áireamh na mílte téacsleabhair Spáinnise a fhoilsítear i Meiriceá na laethanta seo, is deas an smaoineamh gurab é Eireannach a chuir túis leis an traidisiún seo, agus is deise fós an smaoineamh gur cainteoir dúchais Gaeilge an fear a d'fheadfaimís ceannródaí teageolaíochta na Spáinnise i Meiriceá a thabhairt air.*

Nótaí:

1. Níor bhain O'Conway úsáid riamh as an leagan Gaeilge dá ainm, chomh fada agus atá feicthe agam. Mar sin cloífidh mé leis an leagan Béarla.
2. Ach amháin nóta uimhir a 3 thíos, tagann na tagairtí go díreach ó litreacha a scríobh O'Conway féin.
3. Dialann a scríobh O'Conway i bhFiladelfia, Lúnasa 1798.
4. Duine suimiúl í an iníon seo Cecilia O'Conway. Duine de lucht leanúna Elizabeth Seton ab ea í, sé sin le rá an chéad bhean rialta i Meiriceá.
5. Tá míniú eile ar an scéal seo le fáil i mbeathaisnéis Cecilia O'Conway a scríobh Sara Trainer Smith. Ceapann Trainer Smith go raibh eascairdeas idir O'Conway agus a leasathair, agus go ndúirt an fear seo le Cecilia nach bhfaigheadh sí tada ó huacht a tuismitheoirí mar go raibh sí taréis Caitiliceach a phósadh. Cé nach féidir brath ar Smith i gcónai, tá gach seans ann gurab gaol le bean O'Conway í, agus dá bhrí sin go mbeadh seanchas mhuintir O'Conway ar fáil di fós.
6. Bhí an-shuim go deo ag O'Conway sna Teampallóirí agus ordaithe mar iad. I measc a bpáipéar tá cúpla leathnach d'aistriúcháin caipéisí Free Masons go Fraincis agus Spáinnis.

### ***Foilsiucháin Mhatthias O'Conway***

**Rasgos históricos y morales sacados de autores célebres de diversas nacionalidades y destinados a la instrucción y entretenimiento de los**

**estudiantes del idioma español.** Por Santiago Matthias O Conway. Philadelphia:  
Printed by Thomas and William Bradford, booksellers and stationers, 1809.

**The Knights Templars, a historical tragedy, with notes, as it was represented on the French theatre. To which is prefixed, an interesting history of the origin, character, and persecution of that illustrious order.** Translated from the original of M. Raynouard. By Matthias James O'Conway, Philadelphia. 80pp. The translator, Brown & Merritt, printers, 1809.

**Hispano-Anglo grammar, containing the definitions, structure, inflections, reference, arrangement, concord, government and combination of the various classes of words in the Spanish language. Also an appropriate vocabulary, familiar phrases, dialogues, and a complete index.** By Matthias J. O'Conway, Philadelphia: Printed for Thomas Dobson, at the Stone-House, no. 41, South Second Street, Fry and Kammerer, printers, 1810.

***Faoi O'Conway***

Lawrence F. Flick: "**Mathias James O'Conway, Philologist, Lexicographer and Interpreter of Languages"**

in Records of the American Catholic Historical Society

Vol X, No. 3: September 1899, 257-99

Vol X, No. 4: December 1899, 385-422

Vol XI, No. 1: March 1900, 9-32

Vol XI, No. 2: June 1900, 156-77.

***Faoi Cecilia O'Conway***

Sara Trainer Smith "**Philadelphia's First Nun**" RACHS Vol V, 1894, 417-522.